| | |
|---|---|
| **Teideal Beartais:** | Beartas Chóras na dTeagascóirí |
| **Cur Síos:** | Leis an mbeartas seo sonraítear ról na dTeagascóirí maidir le tacaíocht a sholáthar do leas ginearálta agus d'fhorbairt na mac léinn sa mhéid agus a théann sé i bhfeidhm ar dhul chun cinn na mac léinn tríd an gcúrsa dá gcuid. |
| **Údar (Post):** | An Leas-Uachtarán (Gnóthaí Acadúla) agus Cláraitheoir |
| **Leagan:** | 1 |
| **Arna Fhaomhadh ag:** | Comhlacht Rialaithe AIE |
| **Dáta Faofa an Bheartais:** | Eanáir 2019 |
| **Dáta an Chéad Athbhreithnithe Eile ar Bheartas:** | Aibreán 2023 (nó mar is gá) |

**Beartas Chóras na dTeagascóirí**

## 1 Comhthéacs

Le blianta fada anois bhí an córas teagascóra phearsanta ina phríomhchuid den bhonneagar tacaíochta a chuirtear ar fáil do mhic léinn in Institiúid Oideachais Marino (MIE). Is é cuspóir an bheartais seo na príomhghnéithe a shonrú maidir le conas a oibrítear an córas don fhoireann. Cé go bhfuil an cháipéis seo scríofa go príomha do bhaill foirne a ghníomhaíonn mar theagascóirí, d'fhéadfadh sé a bheith suimiúil do mhic léinn ar mian leo eolas mionsonraithe a fháil ar an gcóras. Éillítear ar léachtóirí lán-aimseartha agus páirtaimseartha uile a oibríonn 2 lá sa tseachtain ar a laghad teagascaithe a ghlacadh.

## 2 Cuspóir

Níl an córas teagascóra phearsanta beartaithe ach do mhic léinn lán-aimseartha amháin. Is comhpháirt lárnach é den saol in MIE. Soláthraíonn teagascóirí tacaíocht do leas ginearálta agus forbairt na mac léinn sa mhéid agus a théann sé i bhfeidhm ar dhul chun cinn na mac léinn tríd an gcúrsa dá gcuid.

Is léachtóirí san Institiúid iad na teagascóirí uile. Téann ról an teagascóir go maith le ról teagaisc an léachtóra, ach is ról ar leith é.

Tá raon leathan de thacaíochtaí ar fáil do mhic léinn in MIE. Áirítear leo sin foireann na séiplíneachta agus cúraim thréadaigh, an tSeirbhís Chomhairleoireachta, an tSeirbhís Sláinte, anCiste Cúnaimh do Mhic Léinn, an tSeirbhís Mhíchumais agus Aontas na Mac Léinn. Go minic is é teagascóir pearsanta an mhic léinn an chéad phointe tacaíochta, agus d'fhéadfadh sé/sí cuidiú le himní a réiteach nó an mac léinn a threorú chuig foinse cúnaimh eile.

## 3 Tairbhí

Tá an Institiúid tiomanta do chúram agus d'fholláine an mhic léinn. Mar chuid de raon na dtacaíochtaí arna dtairiscint do mhic léinn, leithdháiltear ball den fhoireann acadúil do gach duine acu ar féidir leis an mac léinn bualadh leis/léi chun cúrsaí laistigh nó lasmuigh den choláiste a phlé a théann i bhfeidhm ar a staidéar. Is féidir leis an teagascóir cluas tuisceanach a thabhairt chun cuidiú leis an mac léinn nó is féidir leis an teagascóir an mac léinn a threorú i dtreo tacaíochtaí eile atá ar fáil don mhac léinn.

## 4 Raon Feidhme

Tá an beartas seo infheidhme maidir le léachtóirí lán-aimseartha agus páirtaimseartha uile a oibríonn in MIE 2 lá sa tseachtain ar a laghad.

Níl an beartas seo infheidhme maidir le léachtóirí a oibríonn níos lú ná 2 lá sa tseachtain in MIE.

## 5 Prionsabail

5.1 Éillítear ar léachtóirí lán-aimseartha agus páirtaimseartha uile, agus ar léachtóirí ar conradh, a oibríonn 2 lá sa tseachtain ar a laghad teagascaithe a ghlacadh.

5.2 Sanntar teagascaithe ar bhonn pro rata do léachtóirí páirtaimseartha.

5.3 Soláthróidh teagascóirí tacaíochtaí do theagascaithe i dtaca le cúrsaí a bhaineann lena gcuid staidéar agus, nuair is iomchuí, déanfaidh siad mic léinn a threorú i dtreo tacaíochtaí eile atá ar fáil.

5.4 Seachas an teagmháil thosaigh, is é an teagascaí atá freagrach as teagmháil a thionscnamh maidir le tacaíocht teagascóra a iarraidh. Is féidir a leithéid de theagmháil a dhéanamh le ríomhphost, ar theileafón nó go pearsanta trí bhualadh isteach in oifig an teagascóra.

5.5 Beidh leibhéil éagsúla tacaíochta de dhíth ar mhic léinn éagsúla óna dteagascóir ag am áirithe ar bith.

5.6 Cuirtear oiliúint thosaigh ar fáil do theagascóirí nua, tríd an tSeirbhís Chomhairleoireachta, mar chuid d'ionduchtúchán na dáimhe. Cuirtear oiliúint bhreise ar fáil do theagascóirí tríd an bhfeidhm iomchuí (m.sh. an tOifigeach Cosanta Leanaí agus an tSeirbhís Chomhairleoireachta), de réir mar is gá.

5.7 Nuair nach bhfuil teagascóir in ann nó nuair nach mian leis/léi gníomhú mar theagascóir do mhac léinn áirithe, go sealadach nó ar bhonn níos fadtéarmaí, cuirfear socruithe malartacha i bhfeidhm.

5.8 Más mian le mac léinn go sannfar do theagascóir nua é/í, is féidir leis an mac léinn athshannadh teagascóra a iarraidh.

5.9 Is féidir le mic léinn a chreideann go bhfuil buarthaí réasúnta acu maidir le feidhmíocht a dteagascóra, i dtaca lena gcás féin, an nós imeachta um ghearáin ó mhic léinn a leanúint mar ardán chun tabhairt faoi na buarthaí sin.

Déanfar athbhreithnithe cáilíochta ar fheidhmíocht chóras na dteagascóirí pearsanta, mar sheirbhís tacaíochta do mhic léinn, de réir na dtreoirlínte atá sonraithe sa Nós Imeachta um Athbhreithniú Cáilíochta ar Sheirbhísí Corparáideacha agus ar Sheirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn MIE.

## 6 Sainmhínithe

6.1 **Saoirse ó Léachtaí:** Tagraíonn sé sin do stádas mic léinn má chuireann siad a staidéar siar le haghaidh bliana roimh theacht ar ais chun an staidéar a leanúint sa bhliain acadúil dár gcionn. Uaireanta d'fhéadfadh mic léinn a bheith saor ó léachtaí (gan freastal ar ranganna le linn na bliana) ach ag déanamh scrúduithe le linn na tréimhse scrúduithe ábhartha.

6.2 **An Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn** Cuirtear cúnamh airgeadais ar fáil leis do mhic léinn a mbíonn deacrachtaí airgeadais acu agus iad i gcoláiste. Is é an Príomh-Theagascóir a dhéanann é a riar in MIE.

# 7 Beartas

## 7.1 Ról an Teagascóra

Tá teagascóirí pearsanta san áit is fearr chun éisteacht le raon cúrsaí a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar dhul chun cinn acadúil mic léinn agus chun tacaíocht a sholáthar do mhic léinn i gcúinsí mar sin. D'fhéadfadh mic léinn teacht ar roinnt bacainní a théann i bhfeidhm ar a ndul chun cinn réidh trína gcúrsa. D'fhéadfadh na nithe a leanas a bheith san áireamh le bacainní mar sin, cé nach bhfuil siad teoranta dóibh sin: dúlagar, uaigneas, bristeacha síos caidreamh, scaradh nó colscaradh tuismitheoirí, drochshláinte nó bás ball teaghlaigh, buarthaí airgeadais, bulaíocht, toircheas gan choinne, neamhdhiongbháilteacht mhothúchánach a thagann chun cinn mar thoradh ar aistriú ó oideachas dara leibhéal go hoideachas tríú leibhéal, agus teip orthu i scrúduithe. D'fhéadfadh teagascóirí tacaíocht a thairiscint nó teagascaithe a threorú chuig foinsí eile cúnaimh nó an dá rud araon a dhéanamh.

Féadfar deiseanna a thairiscint do mhic léinn freisin le linn a dtréimhse ag MIE, lena n-éillítear go nglacann siad am saor óna staidéar agus d'fhéadfadh teagascóir a bheith in ann comhairle a thabhairt sa chás sin.

## 7.2 Éisteacht/Cúram Tréadach

Is é ról lárnach atá ag an teagascóir ná chun éisteacht go gníomhach le mic léinn, agus spreagadh agus tacaíocht á soláthar mar is iomchuí. Is féidir le teagascóirí treoir agus comhairle a thairiscint maidir le hinfhaighteacht tacaíochtaí a bhaineann le staidéar, airgeadas, sláinte agus cúrsaí eile nuair a théann a leithéid de chúrsaí i bhfeidhm ar ábaltacht an teagascaí a staidéar a chur i gcrích.

## 7.3 Urlabhraí don Mhac Léinn

De réir mar is iomchuí, is féidir leis an teagascóir pearsanta gníomhú mar urlabhraí don mhac léinn dá mbeadh fonn ar mhac léinn toradh scrúdaithe a athsheiceáil nó iarmhairt toraidh a achomharc. Tabharfaidh an teagascóir comhairle don mhac léinn maidir leis na beartais ábhartha agus cuideoidh an teagascóir leis an mac léinn cás a ullmhú don Chúirt Achomhairc[1].

Is féidir le mic léinn láithreacht agus tacaíocht an teagascóra dá gcuid a iarraidh in imeachtaí smachtaithe ar bith laistigh de MIE. Níor cheart go mbeadh baint ag teagascóirí le riarachán

[1]Beartais Achomhairc: An Beartas Achomharc (Dul Chun Cinn Acadúil), Próiseas Chúirt an Chéad Achomhairc, Próiseas Chúirt an Dara hAchomharc, Treoirlínte maidir le Fianaise chun Tacú le hAchomharc Ad Misericordiam agus Próiseas Achomhairc Iarchéime

smachtbhannaí ar bith a ghearrann an Institiúid ar theagascaí mar bheadh sé sin ina choinbhleacht leasa agus d'fhéadfadh sé damáiste a dhéanamh don chaidreamh idir an teagascóir agus an teagascaí.

Tabharfaidh an teagascóir comhairle don teagascaí maidir le conas ábhar bheartais na hInstitiúide a rochtain nó a léirmhíniú, de réir mar a iarrtar.

### 7.4 Rúndacht um Chaidreamh

**Teagascóra-Teagascaí**:

7.4.1 Ba cheart caitheamh faoi rún le cúrsaí a thagann chun cinn ó ról an teagascóra phearsanta. Ní nochtfar faisnéis phearsanta do thríú páirtí gan cead an teagascaí.

7.4.2 Ba cheart do theagascóir cead a iarraidh i gcónaí ó theagascaí chun cúrsaí a phlé atá ábhartha do scrúduithe, do shocrúchán scoile/oibre srl le pearsanra ábhartha na hInstitiúide.

7.4.3 Ní féidir le teagascóirí cás mic léinn a phlé le tuismitheoir/caomhnóir an mhic léinn ach amháin le cead sainráite an mhic léinn i scríbhinn.

I gcásanna, áfach, nuair a chreideann teagascóir gurb ionann an teagascaí agus contúirt dó/di féin nó do dhuine eile, d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach dó/di comhairle a iarraidh ó chomhghleacaí nó ón tSeirbhís Chomhairleoireachta. Mar an gcéanna, má nochtann teagascaí mí-úsáid, d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach don teagascóir faoin mBeartas um Chosaint: Leanaí an nochtadh a chur ar aghaidh chuig na húdaráis iomchuí.

## 8 Freagracht

Tá an Cláraitheoir & Leas-Uachtarán Gnóthaí Acadúla freagrach as cur i bhfeidhm an bheartais seo i gcomhar le baill na foirne acadúla.

## 9 Cáipéisí Gaolmhara

9.1 Nós Imeachta Chóras na dTeagascóirí

9.2 Beartas um Chosaint: Leanaí

9.3 An Ráiteas um Chosaint Leanaí

9.4 Beartas Príobháideachais MIE

9.5 An Beartas um Thacaíocht Chruatain do Mhic Léinn

9.6 Tacaíocht do Mhic Léinn Thorracha ag MIE

9.7 An Beartas um Dhínit agus Meas

9.8 An Cód Cleachtais do Mhic Léinn faoi Mhíchumais

9.9 An Nós Imeachta um Ghearáin ó Mhic Léinn

9.10 An Nós Imeachta um Athbhreithniú Cáilíochta ar Sheirbhísí Corparáideacha agus Tacaíochta do Mhic Léinn MIE

9.11 An Nós Imeachta um Athsheiceáil/Athmharcáil Measúnuithe

9.12 An Beartas Achomharc (Dul Chun Cinn Acadúil)

9.13 Próiseas Chúirt an Chéad Achomhairc

9.14 Próiseas Chúirt an Dara hAchomhairc

9.15 Treoirlínte maidir le Fianaise mar Thaca le hAchomharc Ad Misericordiam

9.16 An Beartas um Achomhairc Iarchéime